| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cad a rinne tú i rith na seachtaine? | What did you do during the week? |
| **2.** | Ar staon tú ó aon rud don Charghas? | Did you abstain from anything for Lent? |
| **3.** | Cad a rinne tú don Cháisc? | What did you do for Easter? |
| **4.** | An bhfuil mórán eolais agat faoi stair do mhuintire? | Do you know a lot about the history of your family? |
| **5.** | Ar chuala tú scéalta ó na seandaoine nuair a bhí tú óg? | Did you hear stories from the old folks when you were young? |

| | TG4<br>Sloinne – Ó Súilleabháin | TG4<br>Surname – O'Sullivan |
|---|---|---|
| 1. | Is é an sloinne Ó Súilleabháin an tríú sloinne is coitianta in Éirinn sa lá atá inniu ann. | The surname O'Sullivan is the third most popular surname in Ireland today. |
| 2. | Agus tá ochtó faoin gcéad de na daoine sin bunaithe i gcontaetha Chorcaigh agus Chiarraí. | And eighty percent of those people are based in counties Cork and Kerry. |
| 3. | Bhí treabh Uí Shúilleabháin an-chumhachtach i ndeisceart na hÉireann sa chúigiú agus séú haois déag. | The O'Sullivan tribe was very powerful in the south of Irleand in the fifteenth and sixteenth centuries. |
| 4. | Agus ag an am thóg siad a lán caisleáin timpeall iarthar Chorcaí ag léiriú an chumhacht sin. | And at the time they build a lot of casltes around the west of Cork showing that power. |
| 5. | Tá an sloinne le feiceáil ar na sráidbhailte ar fud Chorcaí agus Chiarraí i gcónaí. | The surname can still be seen in the villages all over Cork and Kerry. |
| 6. | An tseachtain seo, is é Seán Ó Súilleabháin atá ag dul ar aiste siar sa stair chun tuilleadh a fháil amach faoina shloinne. | This week, it's Seán O'Sullivan who is going on a trip back in history to find our more about his surname. |
| 7. | Seán is ainm dom. Múinteoir meánscoile mé anseo sna Clocha Liatha. Tá beirt páiste agam. Amelie agus Fionn. | My name is Seán. I'm a middle-school teacher here in Greystones. I have two kids. Aemlie and Finn. |
| 8. | Tá spéis mhór ag Seán sa scríbhneoireacht, le roinnt mhór foilsithe aige go dtí seo. | Seán has a great interest in writing, with a good amount published by him so far. |
| 9. | Níl mórán eolais agam faoin sloinne Ó Súilleabhán. Tá a fhios agam gur ó Chorcaí agus Chiaraí... | I don't have a lot of information about the surname Ó Súilleabháin. I know that they are from Cork and Kerry… |
| 10. | Ach níl mórán eolais ar chor ar bith faoi stair an tsloinne, ar chor ar bith. | But I don' have a lot of knowledge at all about the history of the name, at all. |
| 11. | *So*, tá dúil agam ar fáil amach faoi, cad a bhfuilim in ann teacht air. | So, I'm excited to find out about what I can find out. |

| | |
|---|---|
| 12. Rugadh Seán nuair a bhí a athair sna seascaidí agus fuair a athair bás agus Seán sách óg fós. | Seán was born when his father was in the sixties and his father died while Seán was still quite young. |
| 13. Bhí m'athair seasca a ceathair, tháinig mé ar an saol. | My father was sixty four, I was born. |
| 14. Agus sna seachtóidí, tháinig mo dheirfiúir agus mo dheartháir is óige. | And in the seventies, my sister and my youngest brother came along. |
| 15. Cé gur seanfhear in aois a bhí ann, fear nua-aimseartha a bhí ann freisin. | Although he was an old man in age, he was also a modern man. |
| 16. Bhíodh sé ag insint scéaltaí dúinn agus ag dul ar siúlóidí linn. I gcónaí dúirt sé go raibh sé "in the golden years of his life". | He used to tell us stories and go on walks with us. He always said the he was "in the golden years of his life." |
| 17. Bhíomar á dhéanamh ABCs le chéile. *So, yeah, so, like*, tá tú in ann, a fheiceáil cé chomh réchúiseach is foighneach is, *like*, an giúmar a bhí aige. | We used to do ABCs together. So, yeah, so, like, you can, see how easy-going and patient, and like, the mood that he had. |
| 18. Fear iontach lách a bhí ann, fear uasal a bhí ann, *yeah*. | He was a very kind man, a gentleman, yeah. |
| 19. Bhí tragóid i saol athair Sheáin, John Ó Súilleabháin, agus é óg. | There was tragedy in the life of Seán's father, John O'Sullivan, when he was young. |
| 20. Rud a dhéanann stair na clainne agus stair a chlainne níos deacra a nochtú. | A thing that makes the family history and his family history more difficult to uncover. |
| 21. Cailleadh máthair John coicís i ndiaidh dó teacht ar an saol, agus cailleadh a athair sách luath ina dhiaidh sin. | John's mother died two weeks after he was born and his father died quite soon after that. |
| 22. Bhí ar athair Sheáin a óige a chaitheamh i ndílleachtlann i nGlas Naíon gan aon tuismitheoirí anois aige. | Seán's father had to spend his youth in an orphanage in Glasnevin without any parents now. |
| 23. Ach diaidh ar ndiaidh rinne sé saol nua dó féin. | But little by little he made a new life for himself. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | Cén sloinne atá faoi chabidil sa chlár seo? | Which surname is being considered in this program? |
| **2.** | An bhfuil an sloinne seo coitianta? | Is this surname popular? |
| **3.** | Cá bhfuil an sloinne le fáil? | Where can the surname be found? |
| **4.** | Cá bhfios dúinn go raibh treabh Uí Shúilleabháin cumhachtach? | How do we know that the O’Sullivan tribe was powerful? |
| **5.** | Cá bhfuil Seán Ó Súilleabháin in chónaí? | Where does Seán O’Sullivan live? |
| **6.** | Cén post atá ag Seán? | What job does Seán have? |
| **7.** | Cén aois a bhí a athair nuair a rugadh Seán? | How old was his father when Seán was born? |
| **8.** | An bhfuil deartháireacha nó deifiúracha ag Seán? | Does Seán have brothers or sisters? |
| **9.** | An raibh athair Sheáin lách? | Was Seán’s father kind? |
| **10.** | Cén tragóid a tharla d’athair Sheáin agus é óg? | What tragedy happened to Sheán’s father when he was young? |